Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13448/26**

**ETS 10**
**MI 913**
**COMPET 1100**
**EDUC 382**
**DELACT 153**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6196 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 15.9.2026 lena bhforlíontar Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chreat comhchoiteann oiliúna a bhunú le haghaidh fisiteiripeoirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6196 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6196 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.9.2026
C(2026) 6196 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.9.2026**

**lena bhforlíontar Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chreat comhchoiteann oiliúna a bhunú le haghaidh fisiteiripeoirí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tar éis leasuithe a tugadh isteach le Treoir 2013/55/AE[1], áiríodh Caibidil IIIA maidir le haitheantas uathoibríoch ar bhonn prionsabail chomhchoiteanna oiliúna i dTeideal III de Threoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[2].

Le hAirteagal 49a de Threoir 2005/36/CE tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear creataí comhchoiteanna oiliúna. Is éard atá i gceist le creataí comhchoiteanna oiliúna tacair chomhchoiteanna eolais, scileanna agus inniúlachtaí íosta atá riachtanach i líon íosta Ballstát chun gairm shonrach a shaothrú. Is é is aidhm do chreataí comhchoiteanna oiliúna a bhunú saorghluaiseacht gairmithe a éascú gan creataí oideachais ná rialála a chomhchuibhiú go hiomlán. Le creataí comhchoiteanna oiliúna, tacaítear le hinchomparáideacht eolais, scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla agus cuidítear le sábháilteacht daoine a fhaigheann seirbhísí agus cáilíocht seirbhísí gairmiúla ar fud an Aontais a áirithiú, agus lán-urraim á tabhairt d'éagsúlacht na gcóras oideachais agus na gcreataí rialála náisiúnta an tráth céanna.

An t-aitheantas uathoibríoch a leathnú trí bhíthin creataí comhchoiteanna oiliúna, tá sé i gcomhréir le cuspóirí an phacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair atá ar na bacáin, pacáiste arb é is aidhm dó soghluaisteacht chothrom éifeachtúil an lucht saothair a éascú ar fud an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na creataí comhchoiteanna oiliúna a fhorbairt a thuilleadh faoi Threoir 2005/36/CE, i gcás ina bhfuil spéis leordhóthanach ag páirtithe leasmhara ann agus ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa Treoir. Is é an aidhm atá ann obair leantach a dhéanamh ar an gcéad chreat comhchoiteann oiliúna, a bunaíodh leis an ngníomh atá ann faoi láthair, agus go mbeidh creataí breise ann sna blianta amach romhainn, agus go gcuirfear go háirithe le staidéar cothrománach atá ar siúl faoi láthair chun gairmeacha a shainaithint atá oiriúnach do bhunú creataí comhchoiteanna oiliúint agus go gcuirfear le clár oibre cuíchóirithe leis an ngrúpa saineolaithe ábhartha freisin.

Ar bhonn Airteagal 49a(2) de Threoir 2005/36/CE 'comhlíonfaidh creat comhchoiteann oiliúna na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuireann sé ar a gcumas do níos mó gairmithe bogadh i measc na mBallstát;

(b) rialáiltear an ghairm a bhfuil feidhm aige maidir léi nó rialáiltear an t-oideachas nó an oiliúint a fhaightear sula mbaintear an ghairm amach in aon trian de na Ballstáit ar a laghad;

(c) comhcheanglaíonn an tacar comhchoiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá riachtanach sna córais oideachais agus oiliúna is infheidhme in aon trian de na Ballstáit ar a laghad; is cuma cé acu a fuarthas an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí mar chuid de chúrsa oiliúna ginearálta in ollscoil nó in institiúid ardoideachais nó mar chuid de chúrsa gairmoiliúna;

---

[1] Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh IO L 354, 28.12.2013, lch. 132.

[2] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.

(d) beidh an creat comhchoiteann oiliúna bunaithe ar leibhéil an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II den Mholadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le bunú an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil[3];

(e) ní chumhdaítear an ghairm lena mbaineann le creat comhchoiteann oiliúna eile ná níl sé faoi réir an aitheantais uathoibríoch faoi Theideal III, Caibidil III;

(f) ullmhaíodh an creat comhchoiteann oiliúna tar éis próiseas cuí trédhearcach, lena n-áirítear na páirtithe leasmhara ábhartha ó na Ballstáit nach rialáiltear an ghairm iontu;

(g) leis an gcreat comhchoiteann oiliúna, ceadaítear do náisiúnaigh ó aon Bhallstát eile a bheith incháilithe chun an cháilíocht ghairmiúil faoin gcreat sin a fháil gan gá dóibh a bheith ina mball d'aon eagraíocht ghairmiúil ná a bheith cláraithe le heagraíocht den sórt sin ar dtús báire.'

Is é is aidhm don Treoir seo creat comhchoiteann oiliúna a bhunú do ghairm an fhisiteiripeora trí na ceanglais a liostú arb é atá iontu an tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí íosta is gá chun an ghairm sin a shaothrú.

Trí chreat comhchoiteann oiliúna a bhunú, ní chuirtear de cheangal ar na Ballstáit na cláir oiliúna atá i bhfeidhm acu cheana a mhodhnú. Ina ionad sin, bunaítear an creat comhchoiteann oiliúna ar chomóntachtaí atá ann cheana i measc na dtíortha a mhéid a bhaineann le clár oiliúna agus le hinniúlachtaí fisiteiripeoirí. Tá an creat comhchoiteann oiliúna gan dochar d'inniúlacht na mBallstát ceanglais ardoideachais náisiúnta agus ghairmiúla a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach, i gcomhréir le dlí an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 49a(6), féadfar na cáilíochtaí náisiúnta a thagann faoin gcreat comhchoiteann oiliúna a áireamh i ngníomh cur chun feidhme ar bhonn fógraí a gheofar laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit go ginearálta aitheantas uathoibríoch a dheonú do cháilíochtaí a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos sa chreat comhchoiteann oiliúna, rud a thugann an rochtain chéanna ar an ngairm do shealbhóirí na gcáilíochtaí sin agus do shealbhóirí cáilíochtaí gairmiúla a fuarthas sa Bhallstát sin. I gcomhréir le hAirteagal 49a(5) de Threoir 2005/36/CE áfach, féadfar Ballstát a dhíolmhú ón oibleagáid creat comhchoiteann oiliúna a thabhairt isteach agus ón dualgas aitheantas uathoibríoch a dheonú más féidir leis an mBallstát an méid seo a leanas a léiriú: (a) nach dtairgtear oiliúint den sórt sin ina chríoch; (b) go gcruthódh an creat comhchoiteann oiliúna suaitheadh sa chóras oideachais náisiúnta; nó (c) go mbaineann riosca tromchúiseach don tsláinte phoiblí nó don tsábháilteacht le difríochtaí substaintiúla oiliúna.

Cáilíochtaí a eisítear i mBallstát lena dtugtar rochtain ar ghairm an fhisiteiripeora agus nach gcumhdaítear leis an gcreat comhchoiteann oiliúna, leanfaidh na Ballstáit óstacha de mheasúnú a dhéanamh orthu faoi rialacha chóras ginearálta Threoir 2005/36/CE.

I gcás ina rialáiltear oiliúint fisiteiripeoirí ar an leibhéal náisiúnta agus ina gcomhlíonann an rialáil náisiúnta na ceanglais chun páirt a ghlacadh sa chreat comhchoiteann oiliúna, bheadh na hinstitiúidí oideachais uile sna Ballstáit a sholáthraíonn an oiliúint sin in ann páirt a ghlacadh sa chreat comhchoiteann oiliúna gan measúnuithe breise a dhéanamh ar na cláir

[3] Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le bunú an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil; IO C 111, 6.5.2008, lch. 1. a aisghaireadh le moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, IO C 189, 15.6.2017, lch. 15.

oiliúna aonair. I gcás nach rialáiltear oiliúint fisiteiripeoirí ar an leibhéal náisiúnta nó nach gcomhlíonann an rialáil náisiúnta ceanglais an chreata chomhchoitinn oiliúna, féadfaidh institiúid oideachais páirt a ghlacadh sa chreat comhchoiteann oiliúna má chomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos leis an gcreat comhchoiteann oiliúna.

I gcás nach bhfuil cáilíochtaí fisiteiripeora i bhfeidhm ag Ballstát a chomhlíonann na ceanglais chun páirt a ghlacadh sa chreat comhchoiteann oiliúna, ní fhéadfaí páirt a ghlacadh ach amháin dá dtabharfaí an oiliúint cothrom le dáta chun ceanglais an chreata chomhchoitinn oiliúna a chomhlíonadh. Ní chumhdófar leis an gcreat comhchoiteann oiliúna ach oiliúint a chomhlíonann na ceanglais a liostaítear sa Treoir Tharmligthe seo.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

In 2022 agus 2023, phléigh an Coimisiún ábhar na gcreataí comhchoiteanna oiliúna leis an ngrúpa saineolaithe ábhartha, an Grúpa Comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint. Tar éis gairm na fisiteiripe a shainaithint[4] mar ghairm spéise maidir le creat comhchoiteann oiliúna a bhunú ina taobh, rinneadh suirbhé chun na ceanglais oideachais agus oiliúna le haghaidh gairm an fisiteiripeora sna Ballstáit a mhapáil. Bhí torthaí an tsuirbhé sin ina mbonn eolais don chinneadh leanúint d’iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht creat comhchoiteann oiliúna a chruthú don ghairm faoi chuimsiú Foghrúpa um chreataí comhchoiteanna oiliúna[5] a bunaíodh ag cruinniú den Ghrúpa Comhordaitheoirí i mí an Mhárta 2024[6].

Ina dhiaidh sin, bailíodh ionchur níos mionsonraithe ó pháirtithe leasmhara éagsúla (údaráis inniúla, cumainn ghairme, institiúidí oideachais, saineolaithe fisiteiripe agus baill agus breathnóirí an Fhoghrúpa um chreataí comhchoiteanna oiliúna) chun na ceanglais náisiúnta a bhaineann le rialáil, oideachas agus oiliúint fisiteiripeoirí a mhapáil.

Rinne an Coimisiún anailís ar na sonraí a bailíodh agus rinne sé measúnú comparáideach cuimsitheach chun comóntachtaí agus neamhréireachtaí a shainaithint i measc thíortha an Aontais agus tíortha LEE a mhéid a bhaineann leis an gcreat rialála, oiliúint agus oideachas i ngairm an fhisiteiripeora. An 27 Samhain 2024, chuir an Coimisiún an mhapáil tosaigh ar rialáil agus oiliúint fisiteiripeoirí a bunaíodh ar ionchur ó pháirtithe leasmhara faoi bhráid an Fhoghrúpa um chreataí comhchoiteanna oiliúna.

Toisc go bhfuil dlúthbhaint idir a indéanta atá sé creat comhchoiteann oiliúna a bhunú agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 49a de Threoir 2005/36/CE, díríodh ar anailís a dhéanamh ar na sonraí agus ar chomparáid a dhéanamh eatarthu i ndáil leis na ceanglais seo a leanas: (i) cé mhéad Ballstát ina rialáiltear gairm an fhisiteiripeora; (ii) cén leibhéal den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí ar a bhfuil an t-oideachas tosaigh fisiteiripe bunaithe i bhformhór na mBallstát; agus (iii) cén t-eolas, cé na scileanna agus na hinniúlachtaí atá

[4] I gcomhréir leis an Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha 2264.2 is gairmithe sláinte neamhspleácha iad fisiteiripeoirí atá freagrach as feidhm luadrach agus gluaiseacht a fhorbairt, a choinneáil ar bun nó a athbhunú ar feadh na saolré trí úsáid a bhaint as cleachtas fianaisebhunaithe. Maolaíonn siad pian agus déanann siad riochtaí fisiceacha a bhaineann le gortú, galar nó laguithe eile a chóireáil nó a chosc. Cumhachtaíonn fisiteiripeoirí othair agus a gcúramóirí chun an riocht sláinte a bhainistiú lasmuigh de shuíomhanna cliniciúla. Oibríonn siad laistigh dá raon feidhme cleachtais agus dá gcód iompair gairmiúil.

[5] Bhí deis ag baill den Ghrúpa Comhordaitheoirí ó na Ballstáit uile agus ag breathnóirí ó na trí thír AE/LEE páirt a ghlacadh in obair an Fhoghrúpa, agus bhí an deis sin ag saineolaithe i réimse na fisiteiripe freisin a bhféadfadh gach tír rannpháirteach iad a ainmniú.

[6] Tá an Cinneadh ón gCoimisiún lena mbunaítear an Grúpa Comhordaitheoirí, an Foghrúpa agus miontuairiscí chruinnithe an Ghrúpa Comhordaitheoirí agus an Fhoghrúpa ar fáil anseo: Clár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus ainmneacha eintiteas eile den saghas céanna

riachtanach i gcás fisiteiripeoirí sna córais oideachais agus oiliúna i bhformhór na mBallstát. Leis an anailís sin ar na sonraí, féachadh freisin le tuiscint níos fearr a fháil ar ghairm an fhisiteiripeora i dtíortha AE/LEE.

I mí an Mheithimh 2025, cuireadh an tuarascáil tionscadail dar teideal *: Feasibility of Establishing a Common Training Framework for the Profession of Physiotherapist - Mapping the regulation, education and training of the physiotherapist profession in EU/EEA countries*[Indéantacht Creat Comhchoiteann Oiliúna a bhunú le haghaidh ghairm an fhisiteiripeora - Rialáil, oideachas agus oiliúint i ngairm an fhisiteiripeora a mhapáil][7] faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaitheoirí agus an Fhoghrúpa um chreataí comhchoiteanna oideachais. Iarradh orthu barúlacha faoin tuarascáil a thabhairt i scríbhinn faoin 1 Deireadh Fómhair 2025. Ar bhonn na mapála ar ghairm an fhisiteiripeora, thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go raibh sé indéanta creat comhchoiteann oiliúna a bhunú le haghaidh ghairm an fhisiteiripeora faoi Airteagal 49a de Threoir 2005/36/CE.

Ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas maidir leis an tuarascáil, thug an Coimisiún le chéile na príomhphointí a tarraingíodh anuas, chuir sé an Grúpa Comhordaitheoirí ar an eolas i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus sheol sé suirbhé breise ar bhaill an Fhoghrúpa i mí na Samhna chun a gcéadroghanna maidir le treo agus ábhar beartaithe an chreata chomhchoitinn oiliúna a shainaithint. De réir na dtorthaí a bailíodh, chuir an Coimisiún an Grúpa Comhordaitheoirí ar an eolas ina dhiaidh sin agus chuaigh sé i gcomhairle leis an bhFoghrúpa i mí na Nollag, agus d'iarr sé tuilleadh ionchuir i scríbhinn ó bhaill an Fhoghrúpa go dtí lár mhí Eanáir 2026.

Cuireadh an dréachtghníomh tarmligthe faoi bhráid an Fhoghrúpa agus an Phríomhghrúpa saineolaithe an 13 Feabhra 2026 chun barúlacha i scríbhinn a fháil faoin 27 Feabhra. Chuathas i gcomhairle leis an bhFoghrúpa ansin maidir leis an dréacht ag an gcruinniú an 5 Márta 2026. Ina dhiaidh sin, roinneadh an dréacht a tugadh cothrom le dáta leis an bhFoghrúpa agus leis an nGrúpa araon chun aon bharúil bhreise i scríbhinn a fháil uathu idir an 5 agus an 10 Márta, agus b'ábhar comhairliúcháin ag cruinniú den Ghrúpa é an 12 Márta 2026.

Cuimsítear sa ghníomh tarmligthe seo athruithe áirithe a mhol na Ballstáit le linn an chomhairliúcháin thuasluaite, mar a dheimhnigh an Coimisiún ag cruinnithe an 5 agus an 12 Márta iad. Áirítear orthu sin an méid seo a leanas: soiléirithe maidir le raon feidhme agus éifeachtaí an chreata chomhchoitinn oiliúna; athbhreithnithe ar na heilimintí a úsáidtear chun leibhéal an chreata chomhchoitinn oiliúna a chinneadh (íoslíon blianta oiliúna a scriosadh, íoslíon creidiúintí ECTS a chur leis); tuairisc ar neamhspleáchas gairmiúil; coigeartuithe ar an liosta ábhar agus ar an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí; sonrú ceanglas maidir le hoiliúint chliniciúil.

Bhí an dréachtghníomh tarmligthe ina ábhar do ghlao ar fhianaise idir an 24 Feabhra agus an 24 Márta 2026. Breithníodh go cuí na barúlacha a fuarthas tríd an nglao sin ar fhianaise agus níor ghá tuilleadh athruithe a dhéanamh ar an dréacht seachas na hathruithe sin a rinneadh tar éis an chomhairliúcháin leis an nGrúpa saineolaithe agus leis an bhFoghrúpa.

Bhí an dréachtghníomh tarmligthe faoi réir aiseolas ón bpobal ón 26 Bealtaine go dtí an 23 Meitheamh 2026. An t-aon phointe substainteach a d'eascair as ionchur a fuarthas ó roinnt Ballstát, bhain sé leis an ngá le tairseach íoscháilíochta níos airde a bheith ann, go háirithe 240 ECTS, is é sin an méid a cuimsíodh sa togra.

[7] Tugadh an tuarascáil sin cothrom le dáta ina dhiaidh sin, tar éis na gcomhairliúchán leis na Ballstáit, agus foilsíodh i mí an Mhárta 2026 í: Feasibility of establishing a common training framework for the profession of physiotherapist [Indéantacht Creat Comhchoiteann Oiliúna a bhunú le haghaidh ghairm an fhisiteiripeora] - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

An cumhachtú chun an Treoir seo a ghlacadh, déantar foráil maidir leis in Airteagail 49a(4) agus 57c de Threoir 2005/36/CE.

Leagtar amach in Airteagal 1 den Treoir ábhar na Treorach agus sainítear raon feidhme na Treorach in Airteagal 2.

In Airteagal 3, mínítear éifeachtaí an aitheantais uathoibríoch a dheonaítear faoin Treoir seo.

Leagtar síos leibhéal an chreata chomhchoitinn oiliúna in Airteagal 4, agus in Airteagal 5 leagtar amach an t-inneachar íosta oiliúna atá ann.

Déantar foráil in Airteagal 6 maidir leis an bhféidearthacht an creat comhchoiteann oiliúna a athbhreithniú.

Le hAirteagal 7, leagtar síos an tréimhse thrasuí agus an oibleagáid atá ar na Ballstáit na bearta a ghlactar a chur in iúl don Choimisiún.

Sonraítear in Airteagal 8 dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus aithnítear a seolaithe in Airteagal 9.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.9.2026**

**lena bhforlíontar Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chreat comhchoiteann oiliúna a bhunú le haghaidh fisiteiripeoirí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[8], agus go háirithe Airteagal 49a(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi láthair, is féidir le fisiteiripeoirí atá cáilithe i mBallstát amháin tairbhiú d'aithint a gcáilíochtaí chun críche rochtana trasteorann ar an ngairm rialáilte chéanna i mBallstát eile faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 10 go 14 de Threoir 2005/36/CE (an córas ginearálta aitheantais).

(2) Trí chreat comhchoiteann oiliúna a leagan síos le haghaidh fisiteiripeoirí, tabharfar isteach aitheantas uathoibríoch trasteorann le haghaidh cruthúnas ar cháilíochtaí gairmiúla san fhisiteiripe a chomhlíonann na ceanglais íosta oiliúna a leagtar amach sa chreat comhchoiteann oiliúna agus ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún agus do na Ballstáit eile; féadfar na cáilíochtaí sin a liostú ansin sa ghníomh cur chun feidhme a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh de bhun Airteagal 49a(6) de Threoir 2005/36/CE.

(3) I gcás fisiteiripeoirí nach gcomhlíonann a gcáilíochtaí ceanglais an chreata chomhchoitinn oiliúna, nó i gcás fisiteiripeoirí a gcuirtear a gcáilíochtaí isteach le haghaidh aitheantais chuig Ballstát atá díolmhaithe ón gcreat comhchoiteann oiliúna ar bhonn Airteagal 49a(5) de Threoir 2005/36/CE, beidh feidhm ag an gcóras ginearálta aitheantais maidir lena gcáilíochtaí a aithint faoi Threoir 2005/36/CE.

(4) Gairm an fhisiteiripeora nó an t-oideachas agus an oiliúint a fhaightear sula mbaintear amach an cháilíocht mar fhisiteiripeoir, rialáiltear in aon trian de na Ballstáit ar a laghad iad.

(5) I bhformhór na mBallstát, tá an t-oideachas tosaigh chun rochtain a fháil ar ghairm an fhisiteiripeora a chleachtadh bunaithe ar an leibhéal céanna den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí[9]. Dá bhrí sin, is féidir an creat comhchoiteann oiliúna le haghaidh fisiteiripeoirí a bhunú ar leibhéal den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí.

---

[8] IO L 255, 30.9.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/36/oj

[9] Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2017 maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus lena n-aisghairtear an Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le bunú an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 15.6.2017, lch. 15).

(6) Sna córais oideachais agus oiliúna is infheidhme in aon trian de na Ballstáit ar a laghad, tá tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí le fáil ag fisiteiripeoirí mar chuid de chúrsa oiliúna ginearálta in ollscoil nó in institiúid ardoideachais. Ba cheart an liosta ceanglas arb é atá ann an creat comhchoiteann oiliúna a bheith i gcomhréir leis an tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí sin.

(7) Ní chumhdaítear gairm an fhisiteiripeora le creat comhchoiteann oiliúna eile ná níl sé faoi réir an aitheantais uathoibríoch faoi Theideal III, Caibidil III de Threoir 2005/36/CE.

(8) Ullmhaíodh an creat comhchoiteann oiliúna le haghaidh fisiteiripeoirí tar éis próiseas cuí trédhearcach, lena n-áirítear comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha ó na Ballstáit nach rialáiltear an ghairm iontu.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 49a(2), pointe (g) de Threoir 2005/36/CE, trí bhíthin an chreata chomhchoitinn oiliúna, ceadaítear do náisiúnaigh ó aon Bhallstát eile a bheith incháilithe chun an cháilíocht ghairmiúil faoin gcreat sin a fháil gan gá dóibh a bheith ina mball d'aon eagraíocht ghairmiúil ná a bheith cláraithe le heagraíocht den sórt sin ar dtús báire.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an creat comhchoiteann oiliúna le haghaidh fisiteiripeoirí a ghlacadh,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Leis an Treoir seo, leagtar síos rialacha ar i gcomhréir leo a dtabharfaidh Ballstát aitheantas uathoibríoch do cháilíochtaí chun rochtain a fháil ar ghairm an fhisiteiripóra agus chun an ghairm sin a shaothrú, ar cáilíochtaí iad a fuarthas i mBallstát amháin eile nó níos mó lena gceadaítear don sealbhóir an ghairm chéanna a shaothrú ansin, agus lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo, i gcás ina mbíonn rochtain ar ghairm an fhisiteiripeora nó saothrú na gairme sin ar a chríoch ag brath ar cháilíochtaí gairmiúla sonracha.

2. Leagtar síos leis an Treoir seo an tacar eolais, scileanna agus inniúlachtaí íosta atá le háireamh sa chreat comhchoiteann oiliúna le haghaidh fisiteiripeoirí.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le náisiúnaigh Ballstáit ag a bhfuil cáilíochtaí a fuair siad i mBallstát amháin eile nó níos mó agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo agus ar mian leo gairm an fhisiteiripeora a shaothrú i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuair siad a gcáilíochtaí gairmiúla, ar bhonn féinfhostaithe nó fostaithe.

*Airteagal 3*

**Aitheantas uathoibríoch**

1. Aithneoidh gach Ballstát go huathoibríoch cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla lena dtugtar rochtain ar ghníomhaíochtaí gairmiúla fisiteiripeora agus lena gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5 agus ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún agus do na Ballstáit eile ar bhonn Airteagal 49a(6) de Threoir 2005/36/CE.

2. Aon saoránach den Aontas Eorpach ag a bhfuil cruthúnas den sórt sin ar cháilíochtaí gairmiúla arna n-eisiúint i mBallstát, beidh sé i dteideal rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí gairmiúla fisiteiripeoirí i mBallstáit eile faoi réir na gcoinníollacha céanna a bhíonn ar fáil d'fhisiteiripeoirí a fuair a gcáilíocht sna Ballstáit sin.

*Airteagal 4*

**Íosleibhéal na cáilíochta chun tairbhiú den aitheantas uathoibríoch**

1. Deimhneofar leis an gcáilíocht mar fhisiteiripeoir oiliúint 240 creidiúint ECTS ar a laghad agus beidh sí bunaithe ar leibhéal 6 ar a laghad den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí agus ar thabhairt i gcrích na tréimhse oiliúna i mBallstáit ina bhfuil sé sin éigeantach chun an ghairm a shaothrú.

2. Leis an gcáilíocht mar fhisiteiripeoir, dearbhófar neamhspleáchas gairmiúil an fhisiteiripeora.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn neamhspleáchas gairmiúil an inniúlacht chun riachtanais fisiteiripe a mheasúnú agus a chinneadh go neamhspleách, tar éis atreorú ó dhochtúir nó gan atreorú, agus chun idirghabháil fisiteiripe a phleanáil, a eagrú, a chur chun feidhme agus a oiriúnú, ar bhonn eolas eolaíoch, saineolas cliniciúil agus eolas ar chineál agus ar eitic na gairme. Is éard a bheidh i gceist le neamhspleáchas gairmiúil freagracht ghairmiúil chomh maith le hobair a dhéanamh i gcomhar le gairmithe cúraim sláinte eile, lena n-áirítear atreorú chuig dochtúir go tráthúil ar mhaithe le leas an othair.

*Airteagal 5*

**Inneachar íosta na hoiliúna chun tairbhiú den aitheantas uathoibríoch**

1. Áireofar na gnéithe seo a leanas, ar a laghad, san oiliúint mar fhisiteiripeoir:

(a) Ábhair oiliúna:

<u>(i) Eolaíochtaí bitheolaíocha agus fisiceacha</u>

(1) An anatamaíocht

(2) An eolaíocht fhisiceach (an bhithfhisic, an bhithmheicnic)

(3) An fhiseolaíocht

(4) An phaiteolaíocht fheidhmeach

(5) An chinéiseolaíocht agus na heolaíochtaí gluaiseachta

(6) An phataichinéiseolaíocht

(7) An fhisiteiripe ghinearálta

<u>(ii) Na heolaíochtaí sóisialta, iompair agus teicniúla</u>

(8) Cur chun cinn na sláinte

(9) An tsíceolaíocht fheidhmeach

(10) An cúram sláinte coisctheach

<u>(iii) Na heolaíochtaí cliniciúla</u>

(11) Na heolaíochtaí matánchnámharlaigh

(12) An ortaipéidic

(13) An réamaiteolaíocht

(14) An Phéidiatraic

(15) Gortuithe spóirt

(16) Sláinte na mban

(17) Teoiric/leigheas na péine

(18) An gheiriatraic agus cúram do dhaoine scothaosta

(19) An trámeolaíocht

(20) An néareolaíocht

(21) An ortótaic agus an phróistéis

(22) An chairdeolaíocht

(23) An fhisiteiripe sna heolaíochtaí cliniciúla

(24) An mhíochaine riospráide

(25) Galair inmheánacha

<u>(iv) Scileanna idirghabhála</u>

(26) Módúlachtaí gníomhairí fisiceacha (teirmeach, fuaime, leictreach agus solais)

(27) An eirgeanamaíocht

(28) Teicnící láimhe

(29) Teicnící suathaireachta

(30) An fhisiteiripe aclaíochta teiripí

(31) An t-oideachas othar agus próifiolacsaigh

(32) An t-ashlánú

<u>(v) Scileanna idirghabhála a bhaineann le réimsí sonracha</u>

(33) An fhisiteiripe mhatánchnámharlaigh

(34) An teiripe spóirt

(35) An dianchúram

(36) An fhisiteiripe chardairiospráideach

(37) An fhisiteiripe néareolaíoch

(38) Idirghabháil roimh obráid agus ina diaidh agus téarnamh i ndiaidh obráide

(39) An oinceolaíocht

(40) An fhisiteiripe le haghaidh grúpaí éagsúla den daonra (amhail leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, mná torracha)

<u>(vi) Cleachtas fianaisebhunaithe</u>

(41) Modhanna taighde agus cur i bhfeidhm taighde

(42) Boinn theoiriciúla taighde

<u>(vii) Eitic agus cleachtas gairmiúil</u>

(43) An chumarsáid

(44) An eitic agus an reachtaíocht

(b) Áireofar san oiliúint a chuirfear ar fhisiteiripeoirí oiliúint chliniciúil ar comhpháirt inaitheanta den chlár í, nach bhfuil níos lú ná 1 000 uair an chloig i gceist léi agus a chuirfear i gcrích faoi mhaoirseacht i suíomhanna cliniciúla iomchuí agus i dteagmháil dhíreach le hothair.

(c) Leis an oiliúint mar fhisiteiripeoir, soláthrófar dearbhú go bhfuair an gairmí atá i gceist an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí seo a leanas:

(i) Pleananna diagnóise agus cóireála

(1) An cumas meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar shiomptóim córais mhatánchnámharlaigh agus ar riochtaí sláinte na gcliant/na n-othar agus a chinneadh an bhfuil gá le cúram fisiteiripe nó an gá atreorú a dhéanamh chuig dochtúir

(2) Inniúlacht maidir le diagnóisí agus prognóisí fisiteiripe a dhéanamh

(3) An cumas diagnóis dhifreálach a bhreithniú agus scagadh a dhéanamh ina leith

(4) An cumas neamhoird fheidhmiúla an chórais mhatánchnámharlaigh a dhiagnóisiú go neamhspleách

(5) An cumas pleananna cóireála saincheaptha cliant-lárnacha/othar-lárnacha a cheapadh

(6) An cumas cleachtaí fisiteiripeacha a dhearadh, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu

(7) An cumas cláir aclaíochta teiripí a dhearadh, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu le haghaidh grúpaí difriúla den daonra (amhail leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, mná torracha)

(ii) Cleachtas fisiteiripe

(8) An cumas idirghabhálacha fisiteiripe éagsúla a chur chun feidhme go sábháilte agus go héifeachtach, lena n-áirítear teiripe aclaíochta, teiripe láimhe agus módúlachtaí fisiceacha

(9) Eolas ar na heolaíochtaí bitheolaíocha, fisiceacha agus cliniciúla agus an cumas iad a chur i bhfeidhm maidir leis an gcleachtas fisiteiripe

(10) Eolas agus tuiscint ar athoideachas agus ar théarnamh feidhmiúil, lena n-áirítear modhanna, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí fisiteiripeacha a bhaineann leis na réimsí sin

(11) An cumas faireachán agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar thorthaí idirghabhála fisiteiripe agus na modhnuithe is gá a dhéanamh

(12) An cumas eolaíochtaí sóisialta agus iompraíochta atá ábhartha don chleachtas fisiteiripe a chur chun feidhme

(13) An cumas tosca socheacnamaíocha, pearsanta agus cultúrtha a chur san áireamh sa mheasúnú fisiteiripe agus sa scrúdú ar an gcliant/othar

(14) An cumas prionsabail shíceolaíocha a chuimsiú sa chleachtas fisiteiripe

(iii) Eitic agus gairmiúlacht

(15) Tuiscint ar eitic ghairmiúil, ar chaighdeáin chleachtais agus ar rialacháin dhlíthiúla

(16) Eolas bunúsach ar chórais cúraim sláinte, ar struchtúir eagraíochtúla agus ar bheartais cúraim sláinte

(17) An cumas cleachtadh mar ghairmí neamhspleách agus breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú

(18) An cumas taifid cliaint/othair a choinneáil ar bun go hiomchuí agus i gcomhréir le ceanglais eiticiúla agus dhlíthiúla

<u>(iv) An chumarsáid</u>

(19) Scileanna éifeachtacha cumarsáide le cliaint/othair

(20) Scileanna éifeachtacha cumarsáide le soláthraithe cúraim sláinte eile

<u>(v) An eolaíocht shóisialta agus an tsláinte phoiblí</u>

(21) Eolas ar chúram sláinte coisctheach agus ar obair maidir le cur chun cinn na sláinte

(22) An cumas oiriúnú d'athruithe sa chúram sláinte agus sa tsochaí

(23) Eolas ar ábhair imní maidir leis an tsláinte phoiblí agus ar ghníomhaíochtaí coisctheacha chun an tsláinte phoiblí a fheabhsú

(24) An cumas oibriú i gcomhar le cliaint/othair, le cúramóirí agus le baill den fhoireann cúraim sláinte

<u>(vi) Comhar agus bainistíocht ghairmiúil</u>

(25) An cumas dul i gcomhar le baill eile d'fhoirne idirdhisciplíneacha agus ilghairmiúla

(26) Eolas ar ról an fhisiteiripeora agus ar ról agus ar fhreagracht daoine eile i bhfoireann idirdhisciplíneach

(27) An cumas eolas teoiriciúil a chur i bhfeidhm sa chleachtas agus réasúnú cliniciúil a dhéanamh

(28) An cumas cinntí a dhéanamh agus gníomhú ar bhonn eolas ar chleachtas fianaisebhunaithe

*Airteagal 6*

**Athbhreithniú**

Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis dhul in éag thréimhse thrasuí na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú, i gcomhar leis na Ballstáit, ar an gcreat comhchoiteann oiliúna a bhunaítear leis an Treoir seo, go háirithe ar a inneachar agus a oiriúnacht leanúnach i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis go ginearálta sa ghairm.

*Airteagal 7*

**Trasuí**

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach dáta*: *18 mí tar éis fhoilsiú an ghnímh dhlíthiúil*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

3. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 9*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*